AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.12.2025
COM(2025) 798 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

Treoirlínte nuashonraithe maidir leis an anailís ar an gcothromaíocht idir acmhainneacht iascaireachta agus deiseanna iascaireachta le haghaidh ranna cabhlaigh ina bhfuil soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad sna réigiúin is forimeallaí de réir Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh

1. RÉAMHRÁ

Tá naoi réigiún is forimeallaí san Aontas Eorpach, ar réigiúin iad atá lonnaithe i bhfad ó mhór-roinn na hEorpa san Aigéan Atlantach agus san Aigéan Indiach, i Muir Chairib agus i Meiriceá Laidineach: Guáin na Fraince, Guadalúip, Martinique, Mayotte, La Réunion agus Saint-Martin (an Fhrainc); na hAsóir agus Maidéara (an Phortaingéil); na hOileáin Chanáracha (an Spáinn).

Aithnítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) 'staid shóisialta agus eacnamaíoch struchtúrach' na réigiún is forimeallaí sin, ar staid í 'atá níos measa mar gheall ar a n-iargúltacht, a n-oileánachas, a mbeagmhéid, a dtopagrafaíocht agus a n-aeráid achrannach, agus a spleáchas eacnamaíoch ar bheagán táirgí, a ndéanann a mbuaine agus comhcheangal díobh mórdhochar dá bhforbairt. Déantar foráil ann maidir le bearta sonracha a ghlacadh i reachtaíocht agus i mbeartais an Aontais chun cuidiú leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, lena n-áirítear 'beartais iascaigh'.

In 2022 ghlac an Coimisiún teachtaireacht maidir leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas ([1]), teachtaireacht ina leagtar amach straitéis nua le haghaidh na réigiún sin, ina n-athdhearbhaítear tiomantas an Choimisiúin saintréithe sonracha na réigiún is forimeallaí a léiriú i dtograí le haghaidh reachtaíocht agus bheartais an Aontais, lena n-áirítear i réimse an Chomhbheartais Iascaigh (CBI).

I gcomparáid le cabhlach iascaireachta an Aontais ina iomláine, tá an líon soithí i gcabhlach iascaireachta na réigiún is forimeallaí beag, agus is soithí ceardaíochta agus faoi úinéireacht teaghlaigh iad den chuid is mó, agus dá bhrí sin bíonn straitéisí iascaireachta ilchineálacha i gceist leo go príomha, ar straitéisí iad atá dian ar fhuinneamh, agus a oibríonn i ndálaí aigéanacha agus meitéareolaíocha atá thar a bheith dúshlánach, rud a dhéanann difear mór don mheánúsáid soithí. Tá na cabhlaigh sin comhdhéanta den chuid is mó de shoithí faoi bhun 12 mhéadar ar fad ag a bhfuil cumhacht innill íseal, raon teoranta, agus costais oibriúcháin níos airde mar gheall ar iargúltacht agus spleáchas ar bhreosla allmhairithe agus ar threalamh allmhairithe. Thairis sin, tá rochtain níos teoranta acu ar chistiú príobháideach agus ar bhonneagar srianta, rud a dhéanann difear do bhrabúsacht fhoriomlán an iascaigh sin agus, dá bhrí sin, a chuireann iallach ar iascairí poist eile a fháil chun an easpa ioncaim a fhritháireamh, rud a dhéanann difear do ráta úsáide na soithí. Oibríonn siad ar scairbheanna cúnga cósta, go minic in iomaíocht le speicis imirceacha nó le cabhlaigh chomharsanacha, agus laistigh de chomhthéacsanna atá leochaileach ó thaobh na socheacnamaíochta de ina bhfuil ról lárnach ag an iascach san fhostaíocht áitiúil, i mbia), agus i gcobhsaíocht an phobail. Ina theannta sin, bíonn na stoc éisc a ndírítear orthu sna réigiúin is forimeallaí níos éagsúla agus bíonn níos mó speiceas i gceist leo ná na stoc éisc ar a ndíríonn cabhlach iascaireachta atá ag an gcuid eile den Aontas.

I bhfianaise na ngnéithe struchtúracha agus éiceolaíocha áirithe sin, maidir le gnáthmhodheolaíochtaí measúnaithe stoic an Aontais, a ceapadh go príomha le haghaidh iascach aonspeicis agus iascach atá saibhir ó thaobh sonraí de, chomh maith le modheolaíochtaí measúnaithe ar úsáid soithí, a ceapadh le haghaidh iascaigh nach bhfuil chomh neamhchosanta céanna ar theagmhais adhaimsire agus atá brabúsach agus cistithe go leor chun go mbeidh

([1]) COM(2022) 198 final

iascairí in ann brath ar a ngníomhaíocht iascaireachta amháin, d'fhéadfadh sé gur ghá iad a oiriúnú chun réaltachtaí na réigiún is forimeallaí a léiriú go leordhóthanach. Ní mór a chur san áireamh sna hoiriúnuithe modheolaíochta freisin go bhfuil an staid níos measa in go leor cásanna mar gheall ar chineál na soithí iascaireachta, atá ar na soithí is sine agus is lú san Aontas agus nach bhfuil chomh hábalta céanna a spriocstoic éisc a éagsúlú, a scaipeadh ar bhonn níos forleithne agus níos cothroime thar mheánna chun ró-chomhchruinniú oibríochtaí iascaireachta gar don chósta a sheachaint, chomh maith le sonraí maidir lena ngníomhaíochtaí iascaireachta a bhailiú agus a tharchur.

Tá na sonraí maidir leis an iascach sin teoranta go comparáideach, agus déantar níos lú measúnuithe stoic, rud a chuireann bac ar chumas na mBallstát tuairisciú ar an gcothromaíocht idir acmhainneacht cabhlaigh agus deiseanna iascaireachta i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir leis an anailís ar an gcothromaíocht idir acmhainneacht iascaireachta agus deiseanna iascaireachta arna nglacadh ag an gCoimisiún faoi Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (([2])) (dá ngairtear 'COM (2014) 545 final' anseo feasta). Ina theannta sin, chun ilchineálacht ghníomhaíochtaí iascaireachta chabhlaigh na réigiún is forimeallaí a ghabháil ar bhealach níos fearr, d'fhéadfadh fodheighilt cabhlaigh ar leibhéal níos airde a bheith ag teastáil, sa bhreis ar an méid a leagtar amach sa Chreat um Bailiú Sonraí ([3]).

Cuirtear san áireamh sa Teachtaireacht seo na tosca thuasluaite atá an-éagsúil leo siúd sa chuid eile den Aontas agus, i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach i dTeachtaireacht 2022 maidir leis na réigiúin is forimeallaí ([4]), bunaítear inti treoirlínte sonracha chun measúnú a dhéanamh ar chothromaíocht na ranna cabhlaigh le haghaidh soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad sna réigiúin is forimeallaí. Cuirtear gnéithe áirithe de COM(2014) 545 final in oiriúint don staid shóisialta agus eacnamaíoch struchtúrach agus do thosca a dhéanann an staid sin níos measa sna réigiún is forimeallaí i gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE, agus cuirtear é in ionad COM (2024) 223 final, faoi na coinníollacha a leagtar síos i Roinn 3 den Teachtaireacht seo.

I bhfianaise dhul in éag COM (2024) 223 final, agus tar éis an ghealltanais a leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan ([5]), d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a bhfuil cabhlaigh acu sna réigiúin is forimeallaí fianaise eolaíoch a chur isteach chun na treoirlínte a leasú, agus chuaigh sé i gcomhairle lena chomhlacht eolaíoch, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) ([6]).

Cuirtear modhanna malartacha ar fáil sa Teachtaireacht seo (i gcomparáid leis an méid a leagtar amach in COM (2014) 545 final) a fhéadfaidh na Ballstáit lena mbaineann a chur i bhfeidhm chun táscairí áirithe a ullmhú le haghaidh ranna cabhlaigh ina bhfuil soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad sna réigiúin is forimeallaí. Tá na modhanna malartacha sin bunaithe ar mhionsaothrú ar COM (2014) 545 final agus COM (2024) 223 final agus cuirtear san áireamh leo (1) anailís eolaíoch bhreise agus moltaí arna soláthar ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) i ndáil le tuarascálacha cabhlaigh bliantúla na mBallstát, agus (2) faisnéis

([2]) COM (2014) 545 final

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle an 25 Feabhra 2008 maidir le creat de chuid an Chomhphobail a bhunú chun sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht le haghaidh comhairle eolaíoch a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh, IO L 60, 5.3.2008.

([4]) COM(2022) 198 final

([5]) COM(2025) 281 final

([6]) STECF 25-18 agus PLEN CETEI 25-02

a bhaineann go sonrach leis na réigiúin is forimeallaí, arna soláthar ag na Ballstáit lena mbaineann ([7]).

I ngach cás, lena n-áirítear cásanna ina gcuirtear na treoirlínte a leagtar amach sa Teachtaireacht atá ann faoi láthair i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit na sonraí agus na mínithe uile is gá a chur i láthair chun údar a thabhairt lena roghanna agus chun go bhféadfaidh CETEI anailís agus grinnscrúdú breise a dhéanamh de réir mar is gá.

2. MODHANNA MALARTACHA LE hAGHAIDH RANNA CABHLAIGH INA bhFUIL SOITHÍ AR LÚ NÁ 12 MHÉADAR A bhFAD SNA RÉIGIÚIN IS FORIMEALLAÍ

Tá feidhm ag COM(2014) 545 final maidir le gach roinne soithigh mar riail bhunúsach.

Leis na treoirlínte sa Teachtaireacht seo, tugtar isteach modhanna malartacha le haghaidh ranna cabhlaigh ina bhfuil soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad sna réigiúin is forimeallaí, ar modhanna iad a fhéadfar a chur i bhfeidhm chun paraiméadair sonraí, bith-tháscairí, táscairí úsáide soithigh agus táscairí breise a ullmhú, faoi mar a leagtar amach thíos.

Ní fhéadfaidh na Ballstáit a dtuarascáil chabhlaigh a ullmhú ar bhonn aon cheann de na modhanna malartacha a leagtar amach sa Teachtaireacht seo le haghaidh na ranna cabhlaigh lena mbaineann, ach amháin má thugann siad údar leis an ngá amhlaidh a dhéanamh i bhfianaise staid shonrach na roinne cabhlaigh lena mbaineann agus na srianta ar leith atá ar an roinn sin, mar gheall ar a suíomh i réigiún is forimeallaí. Ba cheart na mínithe a chur ar fáil san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil chabhlaigh.

De réir COM (2014) 545 final, i gcás ina dtugtar le fios leis na táscairí go bhfuil míchothromaíocht ann i gcás ceann amháin de na ranna cabhlaigh lena mbaineann, ach ina measann Ballstát, mar sin féin, go bhfuil an roinn cabhlaigh atá i gceist i gcothromaíocht le hacmhainní (nó a mhalairt), meastar go gcuirfidh an Ballstát anailís tacaíochta ar fáil lena gcuirfear ar a chumas don Choimisiún agus do CETEI tuiscint iomlán a fháil ar na cúiseanna lena dtugtar údar lena sheasamh agus iad a chur san áireamh agus an chothromaíocht á cinneadh. Ba cheart feidhm a bheith aige sin nuair a ullmhaítear na táscairí i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach in COM (2014) 545 final agus nuair a ullmhaítear iad trí úsáid a bhaint as na modhanna malartacha a leagtar amach sa Teachtaireacht seo.

2.1. Paraiméadair sonraí agus deighilt cabhlaigh

Chun anailísí caighdeánaithe a bheith ann, comparáidí a éascú agus dúbailt oibre a sheachaint, i gcomhréir le COM(2014) 545 final, ba cheart paraiméadair sonraí a ríomh de réir na sonraí a bhailítear faoin gCreat um Bailiú Sonraí.

I gcomhréir leis an gcomhairle ó CETEI, i gcás soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad sna réigiúin is forimeallaí, féadfar ríomh an táscaire a imdhealú a thuilleadh trí bhíthin fodheighilte ar an leibhéal is iomchuí ([8]). I bprionsabal, cuideoidh fodheighilt lena áirithiú go mbeidh na luachanna táscaire le haghaidh fo-ranna níos ionadaíche ná mar a bheidís ag deighilt níos comhiomlánaithe. I gcásanna ina soláthraítear fodheighilt, ba cheart an fhodheighilt sin a bheith

([7]) Go háirithe PLEN CETEI 25-02

([8]) Ba cheart do na Ballstáit an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na colúin GNÍOMHAÍOCHT, TREALAMH nó IASCACH ar an bhfoirm le gearán a dhéanamh de chuid an ghlao ar shonraí eacnamaíocha

sa bhreis ar an gCreat um Bailiú Sonraí, seachas ina ionad. Thairis sin, ba cheart na sonraí tacaíochta uile le haghaidh na ríomhanna sa tuarascáil chabhlaigh a chur ar fáil freisin san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil chabhlaigh de réir na fodheighilte aonfhoirmí céanna.

2.2. Bith-tháscairí

I gcomhréir le COM(2014) 545 final, ba cheart cothromaíocht a bheith sa dá bhith-tháscaire (táscaire buainte inbhuanaithe agus an táscaire maidir le stoic atá i mbaol) a bheith ag teacht le chéile, mar chuid de léiriú ar chothromaíocht na roinne cabhlaigh.

2.2.1. Táscaire buainte inbhuanaithe

Maidir le ranna cabhlaigh a bhaineann le soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad sna réigiúin is forimeallaí, féadfar an ríomh don táscaire buainte inbhuanaithe, mar a mhínítear i Roinn 10.1 de COM(2014) 545 final, a shimpliú ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- Féadfar luachanna F agus Fmsy a dhíorthú, in ord tosaíochta, ó na nithe seo a leanas: (a) measúnuithe náisiúnta atá faoi réir athbhreithniú piaraí, i gcás ina bhfuil rochtain ag an bpobal ar na hathbhreithnithe piaraí nó i gcás ina gcuirtear ar fáil iad mar iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil chabhlaigh; (b) measúnuithe náisiúnta nach bhfuil faoi réir athbhreithniú piaraí (go fóill), i gcás ina gcuirtear ar fáil na measúnuithe náisiúnta mar iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil chabhlaigh, le haghaidh athbhreithniú piaraí. Ba cheart na measúnuithe stoic a bheith bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil lena léirítear stádas na stoc éisc atá ann faoi láthair. Ós rud é nach mbíonn sonraí bliantúla ar fáil i gcónaí maidir le gach stoc, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na measúnuithe stoic a chuimsítear bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil agus nach bhfuil siad níos sine ná 3 bliana roimh an mbonnbhliain. Mar sin féin, d'fhéadfadh an amlíne bheacht a bheith éagsúil ag brath ar stair saoil na stoc, rud a chiallaíonn, i gcás roinnt speiceas a bhfuil saolré níos faide acu, go bhféadfadh measúnuithe beagán níos sine suas le 5 bliana d'aois a bheith fós ábhartha; féadfar an táscaire buainte inbhuanaithe a chur i láthair in éineacht leis an gcéatadán cumhdaigh iarbhír agus an líon stoc a úsáidtear chun an luach a ríomh;
- féadfar meastacháin F agus Fmsy ó spriocspeiceas ionadaíoch amháin nó níos mó san iascach a úsáid; sa chomhthéacs sin, féadfar measúnuithe atá bunaithe ar tháirgiúlacht grúpálacha speiceas a chur i láthair agus a úsáid freisin.

Gan beann ar an simpliú a chuireann an Ballstát i bhfeidhm, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na sonraí uile is gá ar fáil san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil chabhlaigh chun trédhearcacht iomlán a áirithiú agus chun go bhféadfaidh CETEI grinnscrúdú breise a dhéanamh.

2.2.2. Táscaire maidir le stoic atá i mbaol

I gcomhréir le COM (2014) 545 final, iarrtar an na Ballstáit an líon stoc a mheastar faoi láthair a bheith i mbaol ard bitheolaíoch a ríomh, ar stoic iad 'a shaothraíonn' an roinn cabhlaigh atá i gceist. Soiléirítear le COM (2014) 545 final freisin, sa chomhthéacs sin, go gciallaíonn 'arna shaothrú/saothrú ag' gur mó ná 10 % de ghabhálacha an chabhlaigh gach ceann den stoc/de na stoic atá i mbaol mór nó go dtógann an cabhlach níos mó ná 10 % de ghabhálacha an stoic.

Ar bhonn chomhairle CETEI agus cás speisialta na ranna cabhlaigh ina bhfuil soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad sna réigiúin is forimeallaí á chur san áireamh, cuireadh ar a gcumas do na

Ballstáit le COM (2024) 223 final luach tairsí malartach a úsáid, ar bhonn sealadach, chun a shainiú an bhfuil an stoc/na stoic atá i mbaol mór ‘á shaothrú/saothrú’ ag na ranna cabhlaigh atá i gceist ([9]). Tar éis do COM (2024) 223 final dul in éag, ba cheart an tairseach mhalartach sin a choigeartú chun léiriú níos fearr a thabhairt ar ghnéithe neamhghnácha na ranna cabhlaigh sin ar a dtugtar tuairisc i Roinn 1 den doiciméad seo agus chun a dtionchar ar na stoic lena mbaineann a chur in iúl.

Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit a mheas, i gcás ranna cabhlaigh ina bhfuil soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad sna réigiúin is forimeallaí, go bhfuil stoc atá i mbaol mór ‘á shaothrú’ ag roinn cabhlaigh más mó ná 20 % de ghabhálacha na roinne cabhlaigh gach stoc, agus má ghabhann an roinn cabhlaigh níos mó ná 10 % de ghabhálacha an stoic. Ba cheart do na Ballstáit sonraí mionsonraithe agus mínithe ar na ríomhanna arna gcur i bhfeidhm, chomh maith leis na cúiseanna eolaíocha le cur i bhfeidhm an luacha tairsí mhalartaigh sin, a chur isteach in iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil chabhlaigh ionas gur féidir le CETEI tuilleadh grinnscrúdaithe a dhéanamh.

Maidir le stoic chomhroinnte le tríú tíortha, go háirithe na stoic sin atá á mbainistiú ag Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna), úsáidfidh na Ballstáit agus CETEI sonraí gabhála idirnáisiúnta chun táscaire an stoic atá i mbaol a ríomh, i gcás ina mbeidh siad ar fáil. I gcás stoic chomhroinnte nach bhfuil sonraí idirnáisiúnta den sórt sin ar fáil ina leith, déanfar gabhálacha an Aontais, arna gcomhlánú le haon fhaisnéis agus sonraí ábhartha, a chur i bhfeidhm ar ríomh an stoic atá i mbaol. Stoic arb é an stádas atá acu ‘ní dhearnadh ró-iascaireacht air’ nó ‘níl ró-iascaireacht á déanamh air’, de réir an ERBI ábhartha, ní dhéanfar iad a aicmiú mar ‘stoc atá i mbaol’.

2.3. Táscaire maidir le húsáid soithí

I gcomhréir le COM (2014) 545 final, is é an táscaire maidir le húsáid soithí, i gcás gach roinne cabhlaigh, meán an chóimheas idir an iarracht iarbhír a chuirtear in úsáid agus an iarracht uasta a d’fhéadfadh an cabhlach a dhéanamh.

Agus saintréithe uathúla chabhlaigh na réigiún is forimeallaí á n-aithint, lena n-áirítear a n-inathraitheacht i leibhéil gníomhaíochta iascaireachta, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit fós leagan malartach den táscaire sin a ríomh, lena n-áirítear, má tá údar cuí leis, an táscaire arna oiriúnú ar leibhéal na roinne, atá bunaithe ar an uasleibhéal gníomhaíochta teoiriciúil seachas ar an uasleibhéal gníomhaíochta iarbhír agus a chuirtear san áireamh sa mheasúnú cothromaíochta. Ba cheart do gach Ballstát an luach sin a chinneadh trí úsáid a bhaint as breithiúnas saineolaíoch agus as an bhfaisnéis atá ar fáil, agus coinníollacha nádúrtha, teicniúla agus sóisialta atá ábhartha do staid shonrach an chabhlaigh á gcur san áireamh. Tugtar an deis sin do na Ballstáit toisc go bhféadfadh tosca seachtracha teorainn a chur leis an líon uasta laethanta ar muir a breathnaíodh laistigh de roinn cabhlaigh le haghaidh gach bonnbhliana, agus mar sin d’fhéadfadh sé nach léireodh an líon sin fíorthoilleadh teicniúil an chabhlaigh sin. D’fhéadfadh tosca eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a bheith ina samplaí de thosca seachtracha, mar a shainítear faoi Roinn 12.2 de COM (2014) 545 final. Mar a tugadh faoi deara i Roinn 1, tá ranna cabhlaigh ina bhfuil soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad sna réigiúin is forimeallaí neamhchosanta go háirithe ar thosca seachtracha den sórt sin.

I gcás inar féidir leis na Ballstáit údar a thabhairt le húsáid an leagain sin den táscaire mar a leagtar amach é i Roinn 12.2 de COM (2014) 545 final, féadfar é sin a chur in iúl má roghnaítear

([9]) PLEIN CETEI 24-01

an táscaire VUR*nn*. Ba cheart na forais leis an rogha *nn* a chur ar fáil in éineacht leis na sonraí uile is gá le haghaidh na ríomhanna in iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil chabhlaigh. Chun gur féidir treochtaí VUR a shainaithint, moltar do na Ballstáit a chuireann leagan VUR*nn* den táscaire teicniúil i bhfeidhm an tairseach chéanna a choinneáil ar bun ar feadh roinnt blianta, rud a chuideoidh le tionchar luachanna foircneacha a laghdú. In aon chás, agus a dtairseach *nn* á socrú nó á coigeartú acu, ní mór do na Ballstáit údar soiléir a thabhairt leis an gcinneadh.

Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cruinnis a eascraíonn as sampla tagartha róbheag, bunófar an measúnú cothromaíochta ar ranna ina bhfuil níos lú ná 10 soitheach ar an leagan den táscaire a thugann an luach is airde, agus an t-íosluach tagartha 0.7 a leagtar amach i roinn 12.3 de COM(2014) 545 final á chur san áireamh.

2.4. Táscairí breise

I gcás ranna cabhlaigh ina bhfuil soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad sna réigiúin is forimeallaí, féadfar an táscaire 'an Líon Stoc Róshaothraithe' agus an Táscaire Spleáchais Eacnamaíoch a chur ar fáil mar bhith-tháscairí breise agus a ríomh de réir na comhairle ó CETEI ([10]).

Féadfar táscairí sóisialta a chur i láthair freisin, ar táscairí iad a d'fhéadfadh cur le léiriú na gcoinníollacha socheacnamaíocha níos leithne ina n-oibríonn an cabhlach. Tugann sé sin deis do na Ballstáit léirithe breise a thabhairt ar staid a ranna cabhlaigh, ranna ina bhfuil na soithí, na hiascairí agus an gnólachtaí lú, agus is leochailí, b'fhéidir.

Ní mheastar gur táscairí malartacha iad na táscairí breise sin ná ní cuid de ríomh chothromaíocht an chabhlaigh iad.

3. BREITHNITHE DEIRIDH

Beidh feidhm ag na treoirlínte seo maidir le hullmhú agus measúnú na dtuarascálacha náisiúnta atá le cur isteach ag na Ballstáit faoi mhí na Bealtaine 2026 i gcomhréir le hAirteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle. Mar sin féin, beidh feidhm acu freisin maidir leis an measúnú ar na tuarascálacha náisiúnta arna gcur isteach ag na Ballstáit faoi mhí na Bealtaine 2025 má tá measúnuithe nó faisnéis sna tuarascálacha sin cheana féin lenar féidir measúnú níos fabhraí a dhéanamh ar chothromaíocht na roinne cabhlaigh faoi seach ná mar atá faoi COM (2014) 545 arna fhorlíonadh le COM (2024) 223 final. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair le CETEI, go háirithe Meitheal Saineolaithe CETEI maidir leis na réigiúin is forimeallaí, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann go sonrach leis na réigiúin is forimeallaí.

([10]) Chun na táscairí sin a ríomh, féach tuarascálacha CETEI, is iad sin STECF-PLEN-24-01 agus STECF-15-02 lgh. 76-78, ag glacadh leis gurb amhlaidh n=10 %.